View in browser

15 Meán Fómhair 2021

# Scéal, Scéal, Scéal...

- Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige -

Eagrán 66





## OÍCHE CHULTÚIR 2021

Is iomaí imeacht iontach a bheas ar siúl ar an Aoine 17 Meán Fómhair le ceiliúradh a dhéanamh ar Oíche Chultúir 2021. Mar gheall ar shrianta Covid, is taobh amuigh faoin aer nó ar líne is mó a bheas imeachtaí na bliana seo. Beidh roinnt imeachtaí ar bun gar de bhaile dúinn anseo i gCois Fharraige. Beidh Stuaim Láimhe Chois Fharraige, taispeántas ceardaíochta á reáchtáil ag **Pastime Chonamara** i dTír na nÓg in Indreabhán ón 8-10 i.n. Beidh **Na Sondaí**: siúlóid cheolmhar, cumtha ag Ríonach Ní Néill i gcomhair le Pobal Rua ar siúl @ 9 i.n. Cuirfear tús leis an tsiúlóid taobh amuigh de Halla Éanna ar an gCeathrú Rua. Beidh **Lasair Oíche** ar siúl ag Ionad Fíbín i mBaile na hAbhann ar an oíche sin freisin. Beidh *Ó Ghlúin go Glúin* taispeántas fíorúil á óstáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga @ 8 i.n. ar a suíomh Facebook: Pleanáil Teanga Chois Fharraige. Feicfear cúpla teaghlach as Cois Fharraige ag caint, ag ceol 's ag comhrá maidir leis na healaíona ag gluaiseacht ó ghlúin go glúin.








## CLUB FOGHLAIMEOIRÍ GAEILGE CHOIS FHARRAIGE

Tá cúrsa Gaeilge TEG 10 seachtaine á reáchtáil ag **Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige**. Déanann an club freastal ar leibhéil éagsúla cumais. Idir 7:30 - 9 i.n a bhíonn na ranganna ar siúl ar an Luan (meánleibhéal), an Mháirt (bonnleibhéal) agus an Chéadaoin (glantosaitheoirí). Tá cúrsaí i rith an lae ar fáil freisin. €40 an costas atá ar an gcúrsa. Ar líne a bheas na ranganna an téarma seo, ag tosú arís ar an 20 Meán Fómhair. Tá an club ag súil go bhfillfear ar ranganna beo i mí Eanáir 2022. Is féidir níos mó eolais a fháil tré theagmháil a dhéanamh le spiddalgaeilge@gmail.com nó 085 185 2786. Beidh grúpa drámaíochta an chlub ag teacht le chéile arís ar an 30 Meán Fómhair. Is meascán de chainteoirí dúchasacha agus foghlaimeoirí atá sa ngrúpa seo. Tá *Aicíd na Zumála,* dráma nua barúil scríofa ag Máirín Mhic Lochlainn don ghrúpa i mbliana. Ar *Zoom* a bheas an grúpa ag teacht le chéile go fóillín.

## AN BUGAÍ BEOGA

Tá **An Bugaí Beoga** á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta. Tagann an grúpa le chéile ar an bprom sa Spidéal ar an Máirt @ 11:30r.n. Seisiún aclaíochta atá ann do dhaoine fásta gur féidir é a dhéanamh i gcomhluadar páistí. Níl aon chostas i gceist ach ní mór clárú roimh ré. Is féidir clárú le aisling@tuismitheoiri.ie




## AG 'FILLEADH' AR AN OLLSCOIL

Tá **Kate Scott** ceaptha mar cholúnaí ollscoile don iris **Nós.** Sa gcéad mhír léi, léiríonn Kate na dúshláin a thug sí faoi deara agus í ag filleadh ar an ollscoil tar éis a céad bhliain a chaitheamh ag freastal ar an ollscoil ar líne. Tugann sí léargas ar na deacrachtaí síceolaíochta a bhraith sí agus an ceacht is mó atá foghlamtha aici go dtí seo. Is féidir colún Khate a léamh anseo.

## SEÁN Ó HÉANAIGH IMITHE AR SCOR

Craoladh leagan ar leith de **Iris Aniar** ar an 15 Meán Fómhair le ceiliúradh a



dhéanamh ar shaothar Sheáin Uí Éanaigh a d'éirigh as a chuid oibre tar éis 28 bliain a chaitheamh le Raidío na Gaeltachta. Is iomaí sin clár a raibh baint ag Seán leo thar na blianta, cé gur cúrsaí ceoil is mó a luaitear leis. Chuir sé clár ceoil ar chaon taobh de **Shruth na Maoile** i láthair le 27 bliain anuas lena leathbhádóir Máirín Anna Nic Ualraig. Is é a thionscain an comórtas RÉALTA a raibh an-rath air. Caithfear amhráin Sheáin féin a lua freisin, nach mion minic a casadh Conamara ag iliomad seisiún agus cóisir? Guíonn muid chuile rath ar Sheán sa saol nua seo roimhe. Is féidir éisteacht leis an gclár anseo.

## FOLÚNTAS AG ROS NA RÚN

Tá Cúntóir Léirithe ag teastáil ó **Ros na Rún**. Is conradh cúig mhí a gcuirfear tús leis láithreach atá i gceist. Caithfidh an té a cheapfar súil a choinneáil ar an nGaeilge, ar chomhrá agus ar chúrsaí leanúnachais i rith an taifeadta. Beidh ar an gcúntóir léirithe a bheith freagrach as na creidiúintí a réiteach agus nótaí a bhreacadh don eagarthóir. Caithfidh Gaeilge líofa, idir labhairt agus scríobh, a bheith ag an té a n-éireoidh leis/léi, chomh maith le scileanna cumarsáide agus dea-scileanna bainistíochta ama. Seol do CV chuig leiriuchain@rosnarun.com

## TIMPEALL ORAINN

Beidh an tsraith nua de Timpeall Orainn le **Fíbín**, ag tosú ar an Luan 27 Meán Fómhair. Sraith oideachasúil í seo ina ndéantar fiosrú ar na bealaí gur féidir acmhainní an domhain timpeall orainn a chaomhnú ar bhonn suimiúil, spraíúil, agus sóisialta ag baint leasa as na teicnící is nuaí. Peadar agus Póilín a chuirfidh an clár nua i láthair. Coinnigí súil ar sceideal TG4 le teacht ar shonraí an chláir.




## PACÁISTE EOLAIS DO THUISMITHEOIRÍ




Tá pacáiste eolais réitithe ag Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige dírithe ar thuismitheoirí an cheantair. Tá go leor eolais ann maidir leis na tacaíochtaí atá á dtairiscint ag an bhFóram do thuismitheoirí agus acmhainní iontacha atá ar fáil le tacú leis an nGaeilge sa teaghlach mar aon le nodanna len í a neartú i suíomh an teaghlaigh freisin. Is féidir pacáiste a fháil ach teagmháil a dhéanamh
le optchoisfharraige@gmail.com

## SPÓIRT CHOIS FHARRAIGE

Comhghairdeachas mór le mná an Spidéil agus a bhfoireann bainistíochta a bhuaigh cluiche ceannais na sraithe Roinn 7 in aghaidh CLG Oileáin Árann. Comhghairdeachas freisin le Mná Sóisir Mhicheál Breathnach agus a lucht bainistíochta siúd - buaiteoirí na Scéithe i gcoinne Mhná na Ceathrún Rua. Maith sibh uilig a chairde.

Go n-éirí go geal le fir an Spidéil a bheas ag imirt ar an Satharn 18ú Meán Fómhair i gcoinne Naomh Mícheál sa dara babhta de Chraobh Shinsir Peile na Gaillimhe. I Staid an Phiarsaigh @ 3 i.n. a bheas sé á imirt. Is féidir ticéid a cheannach ag an ngeata ar an lá nó ag an nasc seo.

## POST IN ÚDARÁS NA GAELTACHTA

Tá post mar Chléireach Creidiúnaithe leis an Rannóg Airgeadais á thairiscint ag **Údarás na Gaeltachta**. In Ardoifig an Údaráis sna Forbacha a bheas an té a cheapfar. Ní mór cáilíocht i staidéar gnó agus scileanna maithe ríomhaireachta, Excel go háirithe, taithí cuí nó eolas maith ó thaobh próiseáil agus íoc sonrasc agus ráitis creidiúnaithe a réiteach a bheith ag iarratasóirí. Seol cóip de do CV, chomh maith le litir chumhdaigh chuig foluntais@udaras.ie nó An Rannóg Acmhainní Daonna agus Forbartha Foirne, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha le cur isteach ar an bpost. Glacfar le hiarratais go dtí an Mháirt 28 Meán Fómhair @ 4 i.n.

Ba mhaith liom go gcuirfí ar an liosta teagmhála mé.

Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga CTR

Inis Fáil, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
H91 X63V

083 010 6294

Muna mian leat cóip den nuachtlitir seo a fháil, seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com agus bainfear den liosta poist thú.

Ba mhaith liom m'ainm a bhaint ón liosta